

# CARING TOGETHER

## Réamhrá

Tá an pacáiste eolais seo ullmhaithe ag Grúpa Fócais Idirchultúrtha de Choiste Chúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe. Is é an ról atá ag an nGrúpa Fócais Idirchultúrtha ná tacaíochtaí a chur ar fáil do theaghlaigh mionlaigh i nGaillimh chun éascaíocht a dhéanamh ar chomhtháthú agus rochtain sa réimse cúram leanaí.

Is í an aidhm atá leis an bpacáiste eolais ná eolas a sholáthar faoi sheirbhísí cúram leanaí do dhaoine nach í Béarla nó Gaeilge a gcéad teanga. Tá an pacáiste ar fáil in 8 dteanga eile: Yoruba, Igbo, Lingala, Fraincis, Rúisis, Spáinnis, Araibis agus Rómáinis.

Tá eolas sa bpacáiste ar na cinéalacha seirbhísí Cúram Leanaí atá ar fáil i nGaillimh agus conas teacht ar na seirbhísí seo. Iniata leis seo tá foirm chlárúcháin shamplach dhátheangach chun do pháiste a chlárú i seirbhís cúram leanaí.

# Cinéalacha Seirbhísí Cúram Leanaí

## **Seirbhís Seisiúnach**

Ciallaíonn seirbhísí réamhscoile seisiúnacha soláthar seirbhíse a thugann clár leagtha amach do leanaí réamhscoile nach os cionn 3.5 uair a chloig in aghaidh an tseisiúin í. Is féidir na seirbhísí a chlúdaítear a áireamh mar réamhscoileanna, grúpaí imeartha, grúpaí Montessori nó Naíonraí do leanaí ó aois 2 – 5 bhliana.

## **Cúram Lae Iomláin**

Ciallaíonn seirbhís cúraim lae iomláin soláthar sheirbhís cúraim lae do leanaí ar feadh níos mó ná 3.5 uair a cloig in aghaidh an lae do leanaí ó 5 mhí go dtí 5 bhliana d'aois. Áirítear sa mhíniú seo seirbhísí ar nós Crècheanna agus Naíolainne.

## **Ionad Buail Isteach**

Is ag tagairt do sheirbhísí a sholáthraítear i siopalanna, ionaid scíthe nó in áit dá samhail a chuirtear ar fáil mar chuid de sheirbhís custaiméara/cliant agus go bhfágtagar na leanaí ann ar feadh scaithimh bhig, go hiondúil 2 uair a chloig, fad is atá an tuismitheoir nó caomhnóir ag úsáid na seirbhíse nó ag freastal ar ócáid. Freastalaíonn na seirbhísí seo ar leanaí aois 0 – 5 bhliana.

## **Feighlithe Leanaí**

Tugann Feighlithe Leanaí aire do leanaí ina dteach féin. Cuireann siad an tseirbhís ar fáil feadh na bliana ar fad don lá iomlán oibre nó do thréimhse i rith an lae.

## **Seirbhís Tar Éis Scoile**

Is féidir le seirbhísí tar éis scoile a bheith lonnaithe i scoil, ionad pobail nó in áis phríobháideach, in áit a bhfuil aire á sholáthar roimh scoile, tar éis scoile nó i rith laethanta saoire. Tá an bhéim go hiondúil ar an spraoi, imirt agus caitheamh aimsire.

## **Grúpaí Leanaí & Tuismitheoirí**

Tagann Grúpaí Leanaí & Tuismitheoirí le chéile go rialta sa phobal áitiúil. Éagraítear gníomhaíochtaí do leanaí agus bíonn deis ag na tuismitheoirí bualadh le chéile agus aithne a chur ar a chéile.

## **Seirbhísí Príobháideacha & Seirbhísí Pobail Cúram Leanaí**

Is féidir leis na seirbhísí thuasluaite a bheith ina seirbhís príobháideach nó ina seirbhís pobail. Go hiondúil is iad úinéirí na seirbhíse a ritheann gnó príobháideach cúram leanaí. Is seirbhísí pobalbhunaithe, neamhbhrabúsach atá faoi riar ag coiste deonach tuismitheoirí iad na seirbhísí pobail cúraim leanaí. Is iondúil go bhfuil seirbhísí pobalbhunaithe níos saoire ná seirbhísí príobháideacha.

## Ag Clárú do Leanbh i Seirbhís Cúram Leanaí

Tá sé tábhachtach am a thógáil agus tú ag roghnú seirbhís cúram leanaí. Ansin is féidir leat fiosrú a dhéanamh maidir leis an gcineál seirbhís atá uait. Tá liosta de na seirbhísí éagsúla ar fáil ó

- ❑ Bord Sláinte an Iarthair, Seirbhísí Réamhscolaíochta: Teil: **091 771928**
- ❑ Coiste Cúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe: Teil: **091 752039**  
Ríomhphost – [mail@galwaychildcare.com](mailto:mail@galwaychildcare.com)

### Ag Cur áit in Áirithint

Mar go bhfuil éileamh mhór ar sheirbhísí cúram leanaí i nGaillimh, moltar duit réamhphleanáil a dhéanamh agus áit a chur in áirithint go luath. (Tá an scéal céanna maidir le scoileanna náisiúnta). Glactar leis na leanaí is túisce a thagann i láthair ach an fhoirm clárúcháin a bheith seolta isteach. Muna bhfuil aon áit do do leanbh, cuirfean an leanbh ar liosta feithimhe.

### Clárúchán

Nuair a chuirfidh tú áit in áirithint le seirbhís cúram leanaí, iarrfar ort foirm clárúcháin a líonadh isteach ag tabhairt eolas fút féin agus do leanbh. Iniata sa phacáiste eolais seo tá foirm chlárucháin shamplach i 9 dteanga chun cabhrú leat an fhoirm a thuiscint agus í a líonadh isteach i mBéarla nó i nGaeilge.

## Ceisteanna le cur ar an tSeirbhís Cúram Leanaí\*

- Cad iad na huairéanta oscailte?
- Cad iad do chuid táillí?
- An bhfuil árachas iomlán ar do sheirbhís lena n-áirítear imeachtaí agus taisteal sa charr?
- An bhfuil Bord Sláinte an Iarthair nó Coiste Chúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe ar an eolas maidir le do sheirbhís?
- Cé mhéid leanbh atá faoi do chúram i láthair na huairé?
- Cad é an t-uaslíon?
- An féidir liom féin agus mo leanbh cuairt a thabhairt ar do sheirbhís?

\*Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le roghnú seirbhís cúram leanaí, faigh i dteagmháil le Coiste Cúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe.

## Foirm Meastóireachta

Seo é an chéad uair a hullmhaíodh a leithid seo do phacáiste eolais i roinnt teangacha. (Yoruba, Igbo, Lingala, Fraincis, Rúisis, Gaeilge, Spáinnis, Araibis and Rómáinis) Bheadh muid buíoch ach do thuairmí a fháil ar an bpacáiste eolais seo.

1. An raibh an pacáiste úsáideach dhuit mar thuismitheoir/caomhnóir? Bhí/Ní raibh

2. An raibh an t-eolas úsáideach? Bhí/Ní raibh

3. An bhfuil aon eolas eile ar mhaith leat a bheith clúdaithe? Tá /Níl

Más Tá, tabhair eolas

---

---

4. An bhfuil aon teanga eile, a mheasann tú a bheadh úsáideach? Tá/Níl

Más Tá, tabhair eolas

---

5. Aon rud eile:

---

---

## REGISTER FORM-Foirm Chláraithe

	FIRST NAME/ <i>Ainm</i>	SURNAME/ <i>Sloinne</i>
Name of Pre-School Child/ <i>Ainm an Linbh Réamhscoile</i>		
Home Address/ <i>Seoladh Baile</i>		
Date of Birth/ <i>Dáta Breithe</i>	DOB:/ <i>DB:</i>	
Home Telephone No/ <i>Uimhir Theileafóin (Baile):</i>		
Date Child First Attended Service/ <i>Dáta an chéad lae sa tseirbhís:</i>		
Date child ceased attending service/ <i>Dáta an lae deiridh sa tseirbhís:</i>		
Fathers Name: <i>Ainm an Athar:</i>	Mothers Name: <i>Ainm na Máthar:</i>	
Work Telephone No: <i>Uimhir Theileafóin (obair):</i>	Work Tel No: <i>Uimhir Theileafóin (obair)</i>	
Mobile No: <i>Uimhir Fón Póca:</i>	Mobile No: <i>Uimhir Fón Póca:</i>	

**Where can you be contacted while your child is here: e.g. in case of emergency**

CÉN ÁIT A MBEIDH MUID IN ANN TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LEAT FAD IS ATÁ DO LEANBH ANSEO: M.SH. I GCÁS ÉIGEANDÁLA

DATE/ <i>Dáta</i>	MORNING/ <i>Ar maidin</i>	AFTERNOON/ <i>San Iarnóin</i>
MONDAY/ <i>Dé Luain</i>		
TUESDAY/ <i>Dé Máirt</i>		
WEDNESDAY/ <i>Dé Céadaoin</i>		
THURSDAY/ <i>Déardaoin</i>		
FRIDAY/ <i>Dé hAoine</i>		

**If parents are not available in an emergency name two other adults that may be contacted**  
MURA MBEIDH NA TUISMITHEOIRÍ AR FAIL LE LINN ÉIGEANDÁLA AINMNIGH BEIRT DAOINE FÁSTA EILE A BHFÉADFAR TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LEO:

NAME/ <i>Ainm</i>	ADDRESS/ <i>Seoladh</i>	Telephone Number/ <i>Uimhir Theileafóin</i>	Relationship To Child/ <i>Gaol Leis An Leabh</i>

Name of any other person/s who may collect the child other than the Parent/Guardian.  
*Ainmnigh duine ar bith eile/daoine ar bith eile a fhéadfaidh an leabh a bhailiú seachas an Tuismitheoir/an cúramái.*

I authorise \_\_\_\_\_ and/or

*Tugaimse cead do \_\_\_\_\_ agus do/nó*

**To collect my child (name) \_\_\_\_\_ from the Pre-School in the event of my absence.**

*mo leabh \_\_\_\_\_ a bhailiú ón Réamhscoil má tharlaíonn sé*

*go mbeidh mé féin as láthair.*

**SIGNED:/Siniú** \_\_\_\_\_

**PARENT/GUARDIAN./Tuismitheoir/Cúramái**

**Details of Family General Practitioner for the Pre-School child**  
**Sonraí Dhochtúir Teaghlaigh an Linbh Réamhscoile**

<b>Name:</b> <i>Ainm</i>	
<b>Address:</b> <i>Seoladh</i>	
<b>Telephone No:</b> <i>Uimhir Theileafóin:</i>	<b>Day Time Contact:</b> <i>Uimhir Theagmhála sa Ló:</i>

**Immunisations: (Please tick if child has had these and date received)**

IMDHÍONADH (CUIR TIC MÁ TÁ SIAD SEO FAIGHTE AG AN LEANBH AGUS CUIR  
 ISTEACH AN DÁTA A FUAIR AN LEANBH IAD)

B.C.G.	DIPHTHERIA <i>Diftéire</i>	TETANUS <i>Teiteanas</i>	WHOOPING COUGH <i>An Triuch</i>	POLIO	HIB	MMR	MENINGITIS C <i>Meiningíteas C</i>

**Does your child have any of the following?**

*An bhfuil aon cheann díobh seo a leanas ar do leanbh?*

<b>Medical Condition:</b> AON RUD AG CUR AS DON TSLÁINTE:	<b>No</b> <i>Níl</i>	<b>Yes (Specify)</b> <i>Tá (Mínigh)</i>
<b>Disability:</b> ÉAGUMAS:	<b>No</b> <i>Níl</i>	<b>Yes (Specify)</b> <i>Tá (Mínigh)</i>
<b>Allergy:</b> <i>Ailléirge:</i>	<b>No</b> <i>Níl</i>	<b>Yes (Specify)</b> <i>Tá (Mínigh)</i>
<b>Special Dietary Needs:</b> <i>Riachtanais Bheatha ar leith:</i>	<b>No</b> <i>Níl</i>	<b>Yes (Specify)</b> <i>Tá (Mínigh)</i>
<b>Feeding Pattern:</b> AMANTA BÉILÍ:	<b>Likes</b> <i>Rudaí a thaithníonn leis:</i>	<b>Dislikes:</b> RUDAÍ NACH DTAITHNÍONN LEIS:

**Does your child have any special needs or additional requirements that this childcare service should be aware of?**

*An bhfuil aon riachtanaisí speisialta nó riachtanaisí breise ag do leanbh ar cheart don tseirbhís a bheith eolasach fúthu?*

**Are there any other relevant details you wish us to know regarding your child e.g. habits, toilet training etc?**

*An bhfuil sonraí ábhartha eile faoi do leanbh gur mhaith leat a beith ar eolas againn m.sh nósanna, úsáid an leithris &rl?*

**TYPE OF BOOKING/An cineál áirithinte**

**FULL DAY CARE/Cúram iomlán lae**

**MORNINGS ONLY/Maidineacha amháin**

**AFTERNOONS ONLY/Iarnóin amháin**

**NO. OF DAYS PER WEEK/Uimhir laethanta sa tseachtain**

**NO. OF HOURS PER WEEK/Uimhir uaireanta sa tseachtain:**

**Anticipated Booking period from \_\_\_\_\_ to \_\_\_\_\_**

*An tréimhse áirithinte a mheastar: ón*

*go dtí an*

**I give my permission for my child (Name) \_\_\_\_\_ to go on outings**

*Tugaimse cead do mo leanbh (Ainm)*

*dul ar thurais*

**SIGNED: Siniú:** \_\_\_\_\_

**Relationship to Pre-School Child:** \_\_\_\_\_

**Gaol leis an Leanbh Réamhscoile:** \_\_\_\_\_

**Date of Ceasement:** \_\_\_\_\_

**Dáta lae deiridh sa tseirbhís:**